



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach

CÁIPÉISÍ NA SCÉIME AGUS
TREOIR D'IARRATASÓIRÍ

2021



An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
gov.ie

Tugtar treoir d'arratasóirí sa cháipéis seo maidir leis an ngairm tograí faoin Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach. Ba cheart d'arratasóirí an méid seo a leanas a léamh go cúramach.

CLÁR NA nÁBHAR


1	Réamhrá.....	1
2	Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach (SDNGC): Gairm	
3	Conas Iarratas a Dhéanamh	8
4	Ceanglais maidir le Tuairisciú	12
5	Cúnamh Deontais agus Incháilitheacht	12
	AGUISÍN 1: Monatóireacht ar Chabhair De Minimis	14

1 Réamhrá

Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann í an Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach (SDNGC), scéim atá faoi stiúir na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

Is é is cuspóir leis an scéim deontas seo atá beartaithe tacaíocht a sholáthar do thionscadail i spás an Gheilleagair Chiorclaigh agus é ina aidhm leis sin an Geilleagar Ciorclach in Éirinn a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt faoin ngá atá ann aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach. I bprionsabal, i gcás tionscadail a dtacófar leo, ba cheart daoine eile a bheith in ann iad a mhacasamhlú, ba cheart iad a bheith ar scála taispeána ar a laghad, ba cheart feasacht ar an ngeilleagar ciorclach a mhúscailt dá mbarr agus/nó tionchar nach beag a bheith acu ar shruthanna ábhar nó dramhaíola. Cé nach bhfuil SDNGC teoranta d'fhiontair shóisialta agus d'eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí pobalbhunaithe amháin, tá suim ar leith ag RCAC in aighneachtaí ó eagraíochtaí den chineál sin.

1.1 An Geilleagar Ciorclach



English	Gaeilge
Raw Materials	Amhábhair
Design	Dearadh

Production, Remanufacturing	Táirgeadh, Athmhonarú
Distribution	Dáileadh
Consumption, Use, Reuse, Repair	Tomhaltas, Úsáid, Athúsáid, Deisiúchán
Collection	Bailiúchán
Recycling	Athchúrsáil
Residual Waste	Dramhaíl Iarmharach

Foinse: An Clár Náisiúnta um Dramhaíl a Sheachaint

Sa **gheilleagar ciorclach**, déantar dramhaíl agus úsáid acmhainní a íoslaghdú; coimeádtar luach táirgí agus ábhar chomh fada agus is féidir trí dhea-dhearadh, marthanacht agus deisiúchán; agus nuair a bhíonn táirge ag deireadh a shaoil úsáidtear a chomhpháirteanna arís agus arís eile chun táirgí úsáideacha eile a dhéanamh.

Ach geilleagar ciorclach a bheith againn, beidh geilleagar iomaíoch againn a bhfuil teacht aniar ann, ionas nach mbeidh Éire ag brath chomh mór ar allmhairiú amhábhair agus go mbeimid ag dul i dtreo bainistíocht inbhuanaithe ábhar agus i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Tá an athchúrsáil ríthábhachtach do shlándáil an tsoláthair amhábhair, go háirithe i gcás na n-amhábhair a mheastar a bheith ríthábhachtach i dtaobh fheidhmiú agus iomaíochas geilleagar na hÉireann agus na hEorpa. Is léir gur mó atá i gceist leis an ngeilleagar ciorclach ná éifeachtúlacht acmhainní agus athchúrsáil: is creat é chun samhlacha gnó nua a fhorbairt a bheidh dírithe ar chur leis an luach atá ag ábhair, táirgí agus sócmhainní, leis an úsáid a bhaintear astu agus lena saolré, agus ar tháirgí a dhearadh sa chaoi is gur féidir dramhaíl a sheachaint sa phróiseas táirgthe agus le linn tomhaltais.

Ní mór athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid earraí a tháirgeadh agus a úsáid chun spriocanna aeráide a bhaint amach. I gcás iarrachtaí chun gníomhaíocht a dhéanamh ar son na haeráide nach ndírítear iontu ach ar aistriú ó bhreoslaí iontaise agus ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, ní féidir ach dul i ngleic le 55% de na hastaíochtaí leo. Tagann an sciar eile 45% ó rudaí a dhéanamh. Dá bhrí sin, is cuid lárnach den ghníomhaíocht ar son na haeráide é níos lú rudaí a dhéanamh nó níos lú acmhainní a úsáid agus rudaí á ndéanamh.

In Éirinn, aithnítear deiseanna i bplean nua, an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach, chun prionsabail an gheilleagair ciorclaigh a chur i bhfeidhm

ar fud raon leathan réimsí. Is é aidhm na hÉireann geilleagar ciorclach a bheith againn lena laghdaítear ár dtionchar carbóin agus lena gcosnaítear ár n-acmhainní nádúrtha, an comhshaol agus sláinte an phobail. Tacaíonn geilleagar ciorclach den sórt sin le deiseanna, poist agus oiliúint fiontraíochta atá inmharthana agus inbhuanaithe. Tá an-deis le tapú i dtaobh poist a chruthú i réimsí nuálacha nua agus lorg carbóin na tíre a laghdú an tráth céanna.

Is léir go bhfuil easpa eolais agus feasachta ann maidir leis an ngeilleagar ciorclach i measc lucht gnó agus i measc an phobail i gcoitinne. An obair a dhéanann lucht taighde déantúsaíochta na hÉireann agus an tionscadal Circuléire, atá á mhaoiniú ag RCAC, tá sé ag cur teachtaireacht an gheilleagair chiorclaigh ar a súile do mhonaróirí, ach ní mór dul i bhfeidhm ar an mórfhobal freisin. Dá réir sin, tá SDNGC dírithe ar fhiontair shóisialta, ar eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí pobail, agus ar ghnóthais bheaga/mheánmhéide. Chomh maith le feasacht a mhúscailt, beidh tairbhí eile le baint as SDNGC freisin. Cruthófar tionscadail agus fiontair de chuid an gheilleagair chiorclaigh faoin scéim sin agus tabharfar cúnamh dóibh, rud a chuirfidh borradh faoin earnáil agus a sholáthróidh samplaí inléirithe don dea-chleachtas do dhaoine eile.

1.2 Gnéithe de Gheilleagar Ciorclach

Leis an ngeilleagar ciorclach i samhlacha inbhuanaithe táirgeachta, gnó agus tomhaltais, cuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Éiceadhearadh, monaraíocht agus úsáid táirgí atá tíosach ar acmhainní, a sheasann an aimsir, ar féidir iad a dheisiú, ar féidir iad a úsáid arís agus arís agus ar féidir uasghrádú a dhéanamh orthu.
- Laghdaítear an méid dramhaíola a ghintear agus an méid substaintí guaiseacha a bhíonn in ábhair agus i dtáirgí.
- Spreagtar athmhonarú, athchóiriú agus athphróiseáil táirgí.
- Uasmhéadaítear an t-ullmhúchán le haghaidh athúsáide, an luach a leagtar ar ábhair iarmharacha, an tsiombóis thionsclaíoch agus an athchúrsáil a dhéantar.
- Uasmhéadaítear an aisghabháil a dhéantar ar na 27 n-amhábhhar ríthábhachtacha atá ar liosta an Aontais Eorpaigh agus laghdaítear an spleáchas ar allmhairí.
- Spreagtar daoine chun táirgí a dheisiú agus ábhair a athúsáid.
- Spreagtar daoine chun leas a bhaint as samhlacha nua gnó chun úsáid acmhainní a bharrfheabhsú agus cur le saolré ionchais táirgí agus sócmhainní, amhail ardáin chomhroinnte agus ardáin chun nithe a ligean ar léas, agus seirbhísí gabhála ar ais (samhlacha táirge-go-seirbhís).

- Spreagtar daoine chun leas a bhaint as uirlisí TFC chun cur le saolré táirgí agus sócmhainní.
- Cinntítear go leagtar luach ar dhramhaíl agus go ndúntar an lúb.

2 Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach (SDNGC): Gairm Tograí

2.1 Gairm tograí

Is é is aidhm leis an scéim deontas seo tacú le tionscadail nuálaíochta agus taispeána de chuid an gheilleagair chiorclaigh a bheidh ar bun ag fiontair shóisialta, eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí pobail agus gnóthais bheaga/mheánmhéide (a shainmhínítear anseo mar iad siúd a bhfuil níos lú ná 50 fostaí acu). Níl an ciste seo dírithe ar ghnólachtaí móra agus is é €50,000 an deontas uasta a bheidh ar fáil i leith na chéad bhliana.

Na tionscadail a ndéanfar maoiniú orthu, ní mór ceann amháin ar a laghad de ghnéithe an gheilleagair chiorclaigh a bhfuil cur síos orthu i gcuid 1.2 a bheith ag baint leo. Ba cheart na tionscadail a bheith ar scála taispeána ar a laghad agus fíis shoiléir a bheith ag gabháil leo maidir le cur chun feidhme ar scála iomlán agus/nó torthaí a comhroinnt ar fud braislí comhoibríocha.

Is é €250,000 luach iomlán SDNGC do ghairm na bliana 2021. Beidh an cúnamh deontais atá ar fáil ag brath ar an iarratasóir féin. Is é an maoiniú uasta atá ar fáil ná **€50,000 in aghaidh an iarratasóra**, faoi réir chomhlíonadh rialacha *De Minimis* maidir le státchabhair. Is é an raon maoinithe táscach do thionscadail ná €10,000 – €50,000.

Tá sé beartaithe líon beag tionscadal ar scála réasúnta mór a mhaoiniú seachas líon mór tionscadal beag. Dá réir sin, ba cheart do thionscadail ar scála an-bheag (a bhfuil a gcostas faoi bhun €5,000) maoiniú a lorg ón gCiste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail/Clár 21 Áitiúil seachas é a lorg ó SDNGC.

Tagann an maoiniú ó Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Is é RCAC a riarann an ciste.

2.2 Réimsí téamacha

B'fhéidir gur mhaith le hiarratasóirí féachaint ar na réimsí téamacha seo a leanas a bhaineann le tosaíochtaí don gheilleagar ciorclach in Éirinn: **plaistigh, dramhaíl**

foirgníochta agus scartála, cur amú bia, agus acmhainní agus amhábhair (trealamh leictreach agus leictreonach, teicstílí, troscán¹).

Is mar shampla amháin a luaitear na réimsí togra féideartha ar an liosta thíos, mar léiriú ar na cineálacha cuspóirí a bhfuil sé beartaithe go dtacófar leo faoi SDNGC. Ní gá go mbeadh iarratais teoranta do na réimsí togra sin amháin.

Dramhaíl phlaistigh a sheachaint

Gach bliain, gineann muintir na hEorpa 25 mhilliún tonna dramhaíola plaistigh, agus bailítear níos lú ná 30% den mhéid sin lena athchúrsáil. Tá seachaint na dramhaíola plaistigh agus cur leis an athchúrsáil is féidir a dhéanamh ar tháirgí plaisteacha ina ngnéithe lárnacha de Phleananna Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGeilleagar Ciorclach. Foilsíodh Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Plaistigh i mí Eanáir 2018, straitéis a bhfuil sé ina aidhm léi an comhshaol a chosaint ar thruailliú ó phlaistigh agus fás agus nuálaíocht a chothú an tráth céanna. Faoin gComhaontú Glas, an Plean Gníomhaíochta Ciorclach is déanaí ón Aontas Eorpach (Márta 2020), féachfar le deireadh a chur de réir a chéile le táirgí plaisteacha aonúsáide nuair is féidir agus táirgí marthanacha a chur ina n-ionad lena n-úsáid arís is arís, agus féachfar freisin le beart a dhéanamh chun srian a chur leis an úsáid a bhaintear as mhicreaphlaistigh. Cuid mhaith den phacáistíocht phlaisteach a ídítear, ní féidir athchúrsáil a dhéanamh uirthi nó ní furasta sin a dhéanamh, e.g. táirgí atá déanta as ábhair ilchodacha. Ar na cúiseanna sin, caithfimid athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar táirgí a dhearadh, a tháirgeadh, a úsáid agus a athchúrsáil.

Réimsí féideartha i gcomhair togra:

- Athdhearadh a dhéanamh ar tháirgí nó ar phacáistíocht chun plaisteach in-athchúrsáilte a chur in ionad plaisteach nach bhfuil in-athchúrsáilte nó plaisteach úrnua.
- Athdhearadh a dhéanamh ar tháirgí ionas go mbeidh sé níos éasca iad a athchúrsáil ag deireadh a saoil.
- Dramhaíl phlaisteach a sheachaint le linn próisis táirgthe.
- Táirgí plaisteacha gan ceimiceáin ghuaiseacha a dhéanamh.
- Samhlacha gnó bunaithe ar athúsáid/ligean ar léas i leith táirgí plaisteacha, rud a laghdódh an gá atá le pacáistíocht phlaisteach agus táirgí aonúsáide.
- Stopadh ag baint leas as micreaphlaistigh le linn táirgeachta nó bainistíochta dramhaíola, nó iad a ghabháil.

¹ Réimsí tosaíochta faoin nGeilleagar Ciorclach.

Dramhaíl foirgníochta agus scartála a sheachaint

Is é dramhaíl foirgníochta agus scartála an cineál dramhaíola is mó de réir toirte san Aontas Eorpach. Tá deiseanna ann maidir le nuálaíocht san earnáil foirgníochta agus scartála chun freastal ar uaimhianta an Gheilleagair Chiorclaigh – dearadh le haghaidh athúsáide, dramhaíl a sheachaint ag gach céim den fhoirgníocht agus den scartáil, ábhair ghuaiseacha i dtáirgí tógála a laghdú, dramhaíl foirgníochta agus scartála a thabhairt chun cinn in ord na réiteach dramhaíola ó oibríochtaí aisghabhála go dtí athchúrsáil/deireadh dramhaíola.

Is é an Comhaontú Glas Eorpach straitéis nua na hEorpa i leith an fháis. Is é an sprioc a ghabhann leis an gcomhaontú sin an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Is éard a bheidh i gceist leis sin lorg carbóin gach earnála a laghdú, agus an earnáil foirgníochta agus scartála san áireamh. Faoin straitéis thionsclaíoch nua a ghabhann le Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh, aithnítear go gcaithfidh an Eoraip aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht táirgí foirgníochta agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht chomhshaoil na sócmhainní tógtha. Beidh **timpeallacht thógtha níos inbhuanaithe** riachtanach chun an Eoraip a chur ar an mbóthar i dtreo neodracht ó thaobh aeráide.

Réimsí féideartha i gcomhair togra:

- Táirgí foirgníochta ciorclacha (táirgí is féidir a athúsáid nó a bhfuil shaolré fada acu)
- Scartáil roghnach/ghlas ionas gur féidir ábhair ghuaiseacha a thabhairt chun bealaigh agus athúsáid agus athchúrsáil a éascú.

Cur amú bia a sheachaint

Ós rud é gur ceannródaí í Éire maidir le bia glas a tháirgeadh, tá an cumas againn teacht ar réitigh nuálacha chun dul i ngleic le cur amú bia, agus na réitigh sin a chur os comhair an domhain. Ach a chinntiú nach gcuirfear bia amú, úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an mbia atá againn, agus leas éigin a bhaint as bia breise nach bhfuil aon neart air, is féidir le hÉirinn maolú a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil a ghabhann le cur amú bia.

Is féidir bia a chur amú ar go leor cúiseanna in áiteanna éagsúla sa slabhra soláthair bia. Mar shampla, ag luathchéimeanna na táirgeachta talmhaíochta, d'fhéadfadh sé go ndéanfar barraí a fhás nach mbaintear riamh, nó d'fhéadfadh sé go mbainfí iad ach go gcuirfí amú iad mar gheall ar dhamáiste nó mar gheall ar athrú ar an éileamh a bhíonn orthu. Uaireanta caitheann miondíoltóirí amach stoc atá as dáta nó a bhfuil rud éigin beag cearr leis, nó caitheann bialanna amach bia a fhágann na custaiméirí ar an bpláta. B'fhéidir nach

dtuigeann gnóthais go bhfuil an oiread den bhia a tháirgeann siad á chur amú acu, agus b'fhéidir nach bhfeiceann siad go bhfuil fadhb ann nach mór déileáil léi. Beidh a gcúiseanna féin ag gnóthais éagsúla le bia a chur amú agus beidh a réitigh féin acu chun cur ina choinne sin.

Mar shampla de bhealach chun cur amú bia a sheachaint, d'fhéadfaí nósanna imeachta nó réiteach teicneolaíochta a chur i bhfeidhm chun féachaint cé mhéad bia atá á chur amú i ngnóthas nó sa slabhra soláthair, agus cén cineál bia, d'fhonn é a laghdú.

Réimsí féideartha i gcomhair togra:

- Réitigh nuálacha chun cur amú bia a sheachaint a chur chun cinn ar fud na hearnála táirgeachta bia agus na hearnála próiseála bia.
- Idirghabhálacha teicniúla agus iompraíochta a chur i bhfeidhm chun cur amú bia a laghdú i suímh thráchtála.
- Réitigh nuálacha maidir le faisnéis iontaofa, chruinn a bhailiú faoi chur amú bia, agus an fhaisnéis sin a chomhroinnt chun réimsí atá le feabhsú a aithint agus chun an dul chun cinn a thomhas.

Acmhainní agus amhábhair

Tá an Coimisiún ag díriú ar dhramhaíl ó phlaistigh, ar dhramhaíl foirgníochta agus scartála agus ar chur amú bia i gcomhthéacs an Gheilleagair Chiorclaigh mar gheall ar an oiread dramhaíola a bheith i gceist agus mar gheall ar na saincheistanna comhshaoil a eascraíonn as an dramhaíl sin a bhainistiú. É sin ráite, cuimsítear sa Gheilleagar Ciorclach gach cineál acmhainní agus amhábhair, agus dá bhrí sin is réimse téamach oscailte a bheidh ag an gciste. Is díol spéise iad réitigh a bhaineann le **trealamh leictreach agus leictreonach, teicstílí agus troscán** toisc go luaitear iadsan go sonrach i gCreat-Treoir Dramhaíola na bliana 2018 (féach Airteagal 9), agus leagtar béim ar threalamh leictreach agus leictreonach agus teicstílí mar réimsí fócais faoin gComhaontú Glas, Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach (Márta 2020).

Réimsí féideartha i gcomhair togra:

- Samhlacha nua gnó maidir le hathúsáid.
- Deiseanna i dtaobh ullmhú le haghaidh athúsáide.
- Laghdú a dhéanamh ar an méid substaintí guaiseacha in ábhair agus i dtáirgí.
- Cur leis an méid amhábhair a dhéanfar a aisghabháil, ar amhábhair iad atá ar liosta na gcinn ríthábhachtacha.

3 Conas Iarratas a Dhéanamh

3.1 Clárú agus Iarratas a Chur Isteach

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach agus í a chur chuig circulareconomy@decc.gov.ie faoin spriocdháta, an 28 Bealtaine 2021.

Ba cheart ceisteanna maidir leis an ngairm a chur chuig an seoladh céanna:

circulareconomy@decc.gov.ie

Is é an 21 Bealtaine 2021 an spriocdháta i leith ceisteanna.

Nuair is infheidhme, sula gcuirfeadh isteach an t-iarratas caithfidh an duine ábhartha i do chuideachta nó d'eagraíocht é a údarú (Stiúrthóir Bainistíochta, Rialaitheoir Airgeadais etc.).

NÍ MÓR údarú a dhéanamh ar an iarratas sula gcuirfeadh isteach é.

3.2 Meastóireacht

Tabharfar scór do na hiarratais ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

Tábla 1 – Critéir mheastóireachta

Critéar	Marc
Cáilíocht theicniúil: cuspóirí, tionchar, luach ar airgead	30%
Ábharthacht do réimsí ábhar na gairme agus do na prionsabail a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach	20%
É a bheith indéanta cur le scála togra ar mhaithe lena chur chun feidhme go forleathan agus/nó acmhainneacht maidir le haistriú ó earnáil go hearnáil	20%
Cumas bainistíochta tionscadail na foirne	20%
Bónas i leith eagraíocht neamhrialtasach/eagraíocht dheonach/eagraíocht phobail/fiontar sóisialta	10%

Ní mór go mbainfidh tograí amach 40% ar a laghad den scór uasta i leith gach ceann de na chéad cheithre chritéar thuas.

3.3 Sceideal táscach

Taispeántar sceideal táscach don ghairm seo thíos.

15 Aibreán 2021	Deis mhaoinithe á fógairt tríd an suíomh gréasáin, preaseisiúint, na meáin shóisialta etc.
21 Bealtaine 2021	Spriocdháta i ndáil le ceisteanna
28 Bealtaine 2021	Spriocdháta i ndáil le hiarratais a chur isteach
30 Meitheamh 2021 30 Meitheamh 2021	An próiseas meastóireachta tugtha chun críche; iarratasóirí curtha ar an eolas. B'fhéidir go mbeidh ar iarratasóirí a bheith ar fáil chun costas tionscadail a phlé.
1 Meán Fómhair 2021	Bronnfar deontais ar na tionscadail ar éirigh leo

De ghnáth, ba cheart gach tionscadal a mhaoineofar a chríochnú laistigh de 12-24 mhí. Ní mór na tionscadail a chríochnú laistigh de 36 mhí. Má mheastar go mairfidh do thionscadal níos faide ná 12 mhí, beidh ort do riachtanas maoinithe bliantúil a leagan amach.

3.4 Costais

Tá sé i gceist go dtacóidh maoiniú SDNGC le suas le 100% de chostais incháilithe tionscadail. Tá costais incháilithe agus costais neamh-incháilithe leagtha amach i gCuid 5.2 thíos.

3.5 Sceideal íocaíochta

Tar éis don chomhaontú deontais a bheith formheasta agus glactha, féadfar réamhíocaíocht **suas le 50%** den chúnamh deontais iomlán a dhéanamh. Déanfar gach íocaíocht ina dhiaidh sin ar bhonn aisíocaíochta, tar éis ráitis chostais airgeadais a chur isteach agus iad a bheith deimhnithe, agus tar éis formheas a bheith déanta ar thuairiscí teicniúla ar an dul chun cinn.

Féadfar suim suas le 15% den chúnamh deontais a choinneáil, i ngach cás, go dtí go mbeidh an tionscadal tugtha chun críche go sásúil. Measfar go mbeidh tionscadal tugtha chun críche go sásúil nuair a bheidh an ráiteas costais deiridh deimhnithe, ábhar poiblíochta oiriúnach curtha isteach agus formheas déantar ar an tuairisc theicniúil dheiridh i leith an tionscadail.

3.6 Deimhnithe cánach agus árachas

Ceanglófar ar iarratasóirí a n-éireoidh leo, **sula ndámhfar deontas**, deimhniú bailí cánach, nach bhfuil as dáta, a sholáthar de réir rialacháin na Roinne Airgeadais.

Ceanglófar freisin ar na hiarratasóirí sin cóipeanna bailí d'Árachas Dlíteanais Phoiblí agus Árachas Dlíteanais Fostóra a sholáthar, chomh maith le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla, más ábhartha, sula ndámhfar deontais.

Beifear ag súil, i gcás na n-iarratasóirí a n-éireoidh leo, go gcloífidh siad le prionsabail um Sholáthar Poiblí Glas chun earraí agus ábhair a fhoinsiú, nuair is féidir é. **Ceanglófar** ar na hiarratasóirí sin freisin na rialacha ginearálta maidir le soláthar poiblí a chomhlíonadh, lena n-áirítear úsáid a bhaint as tairiscintí leictreonacha nuair is infheidhme.

3.7 Príomhshruthú inscne

De réir bheartas an rialtais, tá feidhm ag prionsabail an phríomhshruthaithe inscne. Chuige sin, iarrfar ar na rannpháirtithe tuairisciú a dhéanamh ar an gcóimheas idir fir agus mná atá ag obair ar an tionscadal agus mná a spreagadh chun ról ceannais a ghlacadh i dtionscadail nuair is féidir.

3.8 Saoráil Faisnéise

Féadfar faisnéis a sholáthraítear do RCAC a nochtadh mar fhreagairt ar iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003. Más mian leat nach ndéanfar aon chuid den fhaisnéis a sholáthróidh tú san iarratas seo a nochtadh mar gheall ar a hÍogaireacht, ba cheart duit, agus an fhaisnéis sin á soláthar agat, an méid sin a chur in iúl agus na cúiseanna lena hÍogaireacht a shonrú. Rachaidh RCAC i gcomhairle le hiarratasóirí faoin bhfaisnéis sin sula ndéanfar cinneadh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a gheofar.

3.9 Cosaint sonraí

Stórálfar an fhaisnéis phearsanta a sholáthrófar i bhformáid leictreonach agus i bhformáid struchtúrtha i bhfoirm sonraí láimhe, e.g., fillteán cruachóipe nó bunachar sonraí, le húsáid i dtaca leis an iarratas seo agus le riar na scéime deontais agus foilsiú na dtorthaí, agus chun na gcríoch sin amháin. Comhlíonfaidh RCAC agus na Deontaithe forálacha na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil.

Ciallóidh Reachtaíocht um Chosaint Sonraí na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 agus Treoir 95/46/CE, aon dlí nó rialachán eile is infheidhme a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus le príobháideachas (lena n-áirítear an Treoir maidir le Ríomhphríobháideachas agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach), 2011, arna leasú, arna n-athbhreithniú nó arna n-athsholáthar ó am go ham, lena n-áirítear trí fheidhmiú

Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí (2016/679) (RGCS), agus dlíthe lena gcuirtear i bhfeidhm RGCS agus/nó na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas nó lena ndéantar iad a fhorlíonadh).

3.10 Ceanglais phoiblíochta

Príomhghné den chlár is ea torthaí agus éachtaí na dtionscadal a dtacaíonn SDNGC leo a phoibliú. Is é cuspóir na poiblíochta sin daoine eile a spreagadh chun cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh. Na cuideachtaí nó na heagraíochtaí a n-éireoidh leo, ceanglófar orthu faisnéis phoiblíochta a sholáthar, lena n-áirítear grianghraif agus sonraí teicniúla a bhaineann leis an tionscadal, páirt a ghlacadh in imeachtaí poiblíochta nó cuairteanna ar láithreáin a óstáil, seans. Ba cheart cuid den bhuiséad a chur i leataobh chun na críche sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, fiú mura n-éiríonn chomh maith leis an tionscadal agus a rabhthas ag súil leis ar dtús, go bhfuil ceanglas poiblíochta i gceist dá ainneoin sin toisc gur cheart na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt le daoine eile ar spéis leo tionscadail den chineál céanna amach anseo.

Ba cheart cur síos maith ar an tionscadal a bheith san áireamh san fhaisnéis a sholáthrófar. Ní fhoilseofar gnéithe sainiúla den tionscadal, a shainaitheofar mar ghnéithe atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus ábhar poiblíochta á tháirgeadh.

4 Ceanglais maidir le Tuairisciú

Ba cheart Tuairiscí Airgeadais (Ráitis Chostais) agus Tuairiscí Teicniúla ar an Dul Chun Cinn a chur isteach le linn shaolré an tionscadail, nó ar iarraidh ó RCAC.

Tá sé de fhreagracht ar an bpríomh-imscrúdaitheoir nó ar an mbainisteoir cláir a chinntiú go gcuirfear na tuairiscí isteach in am agus go mbeidh siad ar chaighdeán sásúil. Ní mór an dul chun cinn atá á dhéanamh sa tionscadal a shonrú go soiléir iontu. Ba cheart tuairisc a thabhairt freisin ar aon deacrachtaí a thiofadh i gceist, agus ar na bearta a bheartaítear chun na deacrachtaí sin a shárú.

Ní mór an Tuarascáil Deiridh a chur isteach in dhá fhormáid. Beidh Cás-Staidéar dhá leathanach ag teastáil, agus Tuarascáil Deiridh níos faide. Idir 8 agus 15 leathanach a bheidh sa tuarascáil sin, agus aguisíní ag gabháil léi de réir mar is gá. Cuirfear na teimpléid ar fáil in am trátha. Ní dhéanfar tionscadail a fhortheas go dtí go mbeidh an dá thuarascáil tugtha chun críche chun sástacht RCAC.

5 Cúnamh Deontais agus Incháilitheacht

Ba cheart d'iarratasóirí eolas a chur ar na ceanglais maidir le bainistíocht tionscadail agus tuairisciú eatramhach. Beidh ar gach iarratasóir a n-éireoidh leis comhaontú deontais a shíniú ina leagfar amach ceanglais bhreise i ndáil le freagrachtaí airgeadais a bheidh ar an deontaí agus comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.

5.1 Méid an deontais

Is é an maoiniú uasta atá ar fáil i leith na chéad bhliana ná **€50,000 in aghaidh na cuideachta nó na heagraíochta**, méid atá faoi réir comhlíonadh rialacha *De Minimis* maidir le státhabhair. Na hiarratasóirí go léir a n-éireoidh leo, ceanglófar orthu dearbhú i scríbhinn a sholáthar (san fhormáid a luaitear san Aguisín thíos) gur cloíodh leis na rialacha maidir le cabhair *De Minimis*. Ba cheart an Dearbhú um Chabhair *De Minimis* A SHÍNIÚ agus a chur isteach mar chuid den phróiseas iarratais.

5.2 Costais incháilithe agus costais neamh-incháilithe

Déantar tuairisciú airgeadais ar bhonn chostais iomlána an tionscadail, agus mar sin soláthrófar an cúnamh deontais ar bhonn na gcostas incháilithe iomlán.

Is iad na **costais incháilithe** na costais a shainmhínítear mar **chostais dhíreacha** nó **costais indíreacha** mar a shonraítear thíos. Comhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:

- Costais iarbhír a bheidh i gceist leo,
- Bainfidh siad leis an gcaiteachas ar an tionscadal,
- Beidh siad réasúnach agus lánriachtanach i leith an tionscadail,
- Déanfar iad a thabhtú agus a íoc le linn shaolré an tionscadail atá á mhaoiniú (mar a leagtar amach sa chomhaontú deontais),
- Tabhófar iad chun an tionscadal a chur chun cinn, agus chuige sin amháin, agus má théann aon mhír aonair chun sochair an tionscadail agus obair eile araon, ní bheidh na costais sin incháilithe ach i gcomhréir leis an sochar comhréireach a bhainfidh an tionscadal arna maoiniú ag RCAC astu,
- Déanfar iad a chinneadh de réir na ngnáthphrionsabal cuntasáíochta, bunaithe ar chostais stairiúla agus ar ghnáthrialacha inmheánacha an Deontaí, ar choinníoll go measfaidh RCAC cur cinn inghlactha iad,
- Déanfar iad a thaifeadadh i gcuntais an Deontaí agus beidh siad inaitheanta agus inrianaithe ar leithligh,
- Ní áireofar aon bhrabús leo (e.g. ní mór costais foirne a ghearradh ar rátaí tuarastail iarbhír agus ní ar na rátaí a ghearrtar ar obair sheachtrach),
- Sa chás ina bhfuil an chuideachta nó an eagraíocht cláraithe le haghaidh CBL, ba cheart na costais a thaispeáint gan CBL san áireamh.

Seo a leanas samplaí áirithe de **chostais neamh-incháilithe**:

- aon ús, nó aon toradh ar chaipiteal in úsáid,
- soláthar maidir le caillteanas nó muirir a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo (lena n-áirítear costais shóisialta),
- ús dlite, soláthar in aghaidh fiach amhrasach,
- acmhainní a chuirtear ar fáil do Dheontaí saor in aisce,
- costais atá neamhriachtanach nó cinn nach costais chiallmhara iad,
- costais mhargaíochta, díolacháin agus dáileacháin i ndáil le táirgí agus seirbhísí,
- costais siamsaíochta nó aíochta ach amháin cibé costais réasúnacha a nglactar leo mar chostais a bhfuil gá leo, go hiomlán agus go heisiach, chun an obair faoin gComhaontú a dhéanamh,
- bónais agus díbhinní de chuid na cuideachta nó na heagraíochta.

AGUISÍN 1: Monatóireacht ar Chabhair De Minimis

In Airteagal 3(1) de Rialachán *De Minimis* (CE) Uimh. 1998/2006, sonraítear gurb amhlaidh, i gcás ina ndeonóidh Ballstát cabhair *De Minimis* d'fhiontar, go gcuirfidh sé an fiontar ar an eolas gur cabhair *De Minimis* atá i gceist agus go bhfaighidh sé ón bhfiontar lena mbaineann faisnéis iomlán faoi chabhair *De Minimis* eile a fuarthas le trí bliana anuas. Moltar gur cheart don Rannóg nó don Ghníomhaireacht lena mbaineann an téacs seo a leanas a áireamh ina comhfhreagras le hiarratasóirí ar chabhair *De Minimis*:

An chabhair atá á lorg, tá sí á soláthar faoi Rialachán an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cabhair *De Minimis*. Meastar, i gcás méideanna beaga Státchabhrach, suas le €200,000 (amhail ón 1 Eanáir 2007) in aon tréimhse trí bliana d'aon fhiontar amháin, go bhfuil siad ró-bheag le dul i bhfeidhm go mór ar thrádáil nó ar iomaíocht sa chómhargadh. Meastar go bhfuil méideanna den sórt sin lasmuigh den chatagóir Státchabhrach atá toirmiscthe le Conradh an Choimisiúin Eorpaigh agus is féidir iad a dhámhachtain gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná imréiteach a fháil ón gCoimisiún. Ceanglaítear ar Bhallstát sásra a bheith aige chun an chabhair sin (ar a dtugtar 'cabhair De Minimis') a rianú agus lena chinntiú nach mó ná an uasteorainn €200,000 é méid carnach na n-íocaíochtaí cabhrach *De Minimis* ó gach foinse le fiontar amháin in aon tréimhse trí bliana. Tabhair sonraí le do thoil faoi gach cabhair *De Minimis* eile a deonaíodh do do chuideachta nó d'eagraíocht le trí bliana anuas. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar dhearbhú bréagach ó chuideachta nó eagraíocht, a d'fhágfadh go sárófaí an tairseach €200,000, go ndéanfaí an chabhair a aisghabháil, le hús, tráth níos déanaí.

Ba cheart don iarratasóir an dearbhú seo a leanas a shíniú agus a chur isteach mar chuid den iarratas:

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar [cuir isteach ainm an deontais nó na cabhrach atá á lorg] faoi Rialachán De Minimis (CE) Uimh. 1998/2006.

Dearbhaím:

nár deonaíodh don chuideachta nó don eagraíocht le trí bliana anuas ach an chabhair De Minimis seo a leanas (ní mór sonraí a sholáthar)

Síniú thar ceann na cuideachta nó na heagraíochta:

Dáta:

nó...

nár deonaíodh aon chabhair De Minimis don chuideachta nó don eagraíocht le trí bliana anuas

Sínithe thar ceann na cuideachta nó na heagraíochta:

Dáta: